II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1308 ÓN gCOMHAIRLE

**an 26 Iúil 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) agus (6) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.

(2) De bhun Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2016/44, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liostaí na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Is é tátal na Comhairle gur cheart an iontráil do dhuine amháin a d'éag a scriosadh, agus gur cheart na bearta sriantacha atá dírithe ar gach duine nádúrtha agus dlítheanacha eile, gach eintitis eile nó gach comhlacht eile atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart an ráiteas ar na cúiseanna agus an fhaisnéis maidir le beirt a shainaithint a nuashonrú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. SÍKELA

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn III (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)) a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44, leasaítear Cuid A (Daoine) mar a leanas:

(a) scriostar iontráil 20 (a bhaineann le AL-WERFALLI, Mahmoud Mustafa Busayf);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 15 (a bhaineann AL QADHAFI, Quren Salih):

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| "15. | Al QADHAFI, Quren Salih Quren<br>ar a dtugtar freisin Akrin Akrin Saleh, Al Qadhafi Qurayn Salih Qurayn, Al Qadhafi Qu'ren Salih Qu'ren, Salah Egreen | Inscne: fireann | Iar-Ambasadóir na Libia chuig Sead. D'fhág Sead le dul go Sabha. Bainteach go díreach le hamhais a earcú agus a chomhordú do réimeas Muammar Qadhafi nach maireann.<br>Dlúthbhaint aige le réimeas Muammar Qadhafi tráth.<br>Comhalta den Popular Front for the Liberation of Libya (PFLL), mílíste agus páirtí polaitiúil dílis do Muammar Qadhafi nach maireann. Baint a bheith aige leis an mbonn a bhaint d'aistriú polaitiúil na Libia a thabhairt chun críche go rathúil trí chur i gcoinne na Náisiún Aontaithe agus an bonn a bhaint den phróiseas polaitiúil arna éascú ag na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear Libyan Political Dialogue Forum (LPDF), agus ar an gcaoi sin baol leanúnach atá ann do shíocháin, do chobhsaíocht agus do shlándáil na Libia. | 12.4.2011" |

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 22 (a bhaineann le PRIGOZHIN, Yevgeniy Viktorovich):

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| "22. | Yevgeniy Viktorovich PRIGOZHIN<br>(Евгений Викторович Пригожин) | Dáta breithe: 1 Meitheamh 1961<br>Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR (St. Petersburg, Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is fear gnó Rúiseach é Yevgeniy Viktorovich Prigozhin a bhfuil dlúthnaisc aige, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, leis an Wagner Group, eintiteas míleata príobháideach neamhchorpraithe atá bunaithe sa Rúis.<br>Ar an gcaoi sin, tá Prigozhin páirteach i ngníomhaíochtaí Wagner Group sa Libia agus tugann sé tacaíocht dóibh, gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil na tíre i mbaol.<br>Go háirithe, tá Wagner Group páirteach i sáruithe iomadúla agus leantacha ar an trádbhac arm sa Libia a bunaíodh le Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus a trasuíodh in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2015/1333, lena n-áirítear airm a sheachadadh agus amhais a imscaradh sa Libia chun tacú leis an Libya National Army. Ghlac Wagner Group páirt in oibríochtaí míleata iomadúla i gcoinne an Government of National Accord a d'fhormhuinigh na Náisiúin Aontaithe agus chuidigh sé le dochar a dhéanamh do chobhsaíocht na Libia agus leis an mbonn a bhaint de phróiseas síochánta. | 15.10.2020" |